Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Eolaíocht
Snáithe Ábhair	**Snáithaonad** Ábhair agus Athrú	
Teideal Ábhair agus Athrú – Iniúchadh a dhéanamh ar Sháile a Dhíshalannú		
Cuspóir(í) Is é aidhm an phlean ceachta ná go ndéanfaidh na leanaí iniúchadh ar an tionchar a imríonn téamh ar leachtanna agus ar ábhair atá i leachtanna. Úsáidtear díshalannú sáile chun fionnuisce a chruthú mar shampla.		
Scileanna atá Riachtanach Ag obair go heolaíoch: ag cur ceisteanna, ag breathnú, ag tuar, ag imscrúdú agus ag tástáil, ag meas agus ag tomhas, ag anailísiú agus ag cur in iúl. Ag Dearadh agus ag Déanamh: ag iniúchadh, ag pleanáil, ag déanamh agus ag meastóireacht		

Cuspóirí foghlama	**Gníomhaíochtaí foghlama**
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh: Timthriall an uisce a mhíniú – cé mhéad uisce atá ann ar domhan? Cén cion den uisce sin is féidir a ól? Na modhanna atá ann chun sáile a dhíshalannú a liostú. Cur síos ar an bpróiseas teirmeach a bhaineann le díshalannú uisce.	**Labhairt agus Plé:** Ag tús an cheachta, tarraing aird na leanaí ar a mhinice sa lá a bhaineann siad úsáid as fionnuisce. Teicníc éifeachtach anseo is ea leanbh a thabhairt chuig barr an tseomra agus ceisteanna a chur air/uirthi faoina g(h)náthamh laethúil: éirí, cith a thógáil, fiacla a scuabadh, miasa a ní, uisce a ól, etc. Molfar don rang bualadh bos a dhéanamh gach uair a luaitear uisce. Taispeánfaidh sé sin don rang an méid atá an tsochaí ag brath ar uisce. Dírigh aird na leanaí ar an bhfíric go bhfuil easpa rochtana ar fhionnuisce ar 1.5 milliún duine ar fud an domhain. **Labhairt agus Plé:** Déan plé ar na háiteanna a bhféadfaimis méideanna móra uisce a fháil e.g. aibhneacha, lochanna agus an t-aigéan, ar ndóigh. Sáile atá i 97% d'uisce an domhain. Fionnuisce atá i 3% d'uisce an domhain - sampla d'fhionnuisce is ea an t-uisce a fhaightear i gcnoic oighir agus

	in aibhneacha agus i lochanna. Fágann sé sin gur sárlómhar atá acmhainn fionnuisce an domhain. Cuir na leanaí ar an eolas gur rud contúirteach é méideanna móra sáile a ól toisc go bhféadfadh díhiodráitiú teacht as mar gheall ar na hardchainníochtaí salainn atá ann. Is gá an salann a bhaint ón uisce sula mbeifear in ann é a ól. Tugtar díshalannú air sin. Tá díshalannú ar an mbealach is coitianta le salann a bhaint ó uisce. Tá thart ar 85% d'uisce an domhain oiriúnach dá ól ag an duine nó d'uisciú (e.g. chun críocha feirmeoireachta nó talmhaíochta). Iarr ar na daltaí a lua cé hiad na daoine a bhaineann úsáid as próiseas an díshalannaithe agus cé hiad na tíortha a bhaineann an úsáid is mó as. Úsáidtear díshalannú ar chuid mhór longa muirghabhála agus fomhuireán. Tá sé tábhachtach freisin do thíortha ina mbíonn íosleibhéil bháistí amhail an Astráil, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Is é Iosrael an tír ina n-úsáidtear an céatadán is airde d'uisce díshalannaithe. Tagann 40% dá thomhaltas uisce intíre as díshalannú sáile. Mar gheall ar na hardchostais a bhaineann le sáile a dhíshalannú, cuir i gcuimhne do na leanaí a thábhachtaí atá sé fionnuisce a chaomhnú agus a úsáid go críonna (fionnuisce ó aibhneacha nó screamhuisce, athchúrsáil uisce, caomhnú uisce). Déan plé ar na fothairgí a thagann as sáile a dhíshalannú. **Labhairt agus Plé agus Foghlaim faoi Threoir agus Foghlaim Fhionnachtanach:**

	Foghlaimeoidh na leanaí faoi dhíshalannú teirmeach trí thurgnamh a dhéanamh. Is é atá i gceist leis ná an t-uisce a théamh go dtí go ngalóidh sé agus ansin ligean don uisce galaithe comhdhlúthú. D'fhéadfaí léaráid de thimthriall an uisce a thaispeáint chun a léiriú conas a tharlaíonn sé sin sa nádúr. D'fhéadfadh na leanaí sáile a dhíshalannú ansin. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ach sáile iarbhír a úsáid nó salann (tá salann a bhfuil iaidín ann ar fáil) a chur le huisce. **1.** Doirt an t-uisce óil isteach i gcupán, agus tú ag cinntiú go mbainfidh an leibhéal uisce sa chupán cúig cheintiméadar amach. **2.** Measc cuid den salann leis an uisce. Cuir go leor salainn leis chun go mbeidh an t-uisce goirt. Athlíon aon uisce a bhlais tú. **3.** Aistrigh an sáile ón gcupán go babhla. **4.** Nigh an cupán chun aon iarmhar salainn a bhaint. **5.** Cuir an cupán i lár an bhabhla. **6.** Bain úsáid as scannán cumhdaithe chun an babhla agus an cupán a chlúdach go docht, agus tú ag cinntiú nach féidir le haer dul isteach iontu. **7.** Cuir an babhla i limistéar grianmhar den seomra ranga. **8.** Cuir carraig bheag thar an scannán cumhdaigh chun go dtabharfaidh an plaisteach uaidh sa lár.

	9. Fág é thar oíche. **10.** Beidh an t-uisce comhdhlúite faoin gcarraig agus beidh sé cruinnithe sa chupán. **11.** Beidh na leanaí in ann an t-uisce a thástáil ansin. Ba chóir go mbeadh sé saor ó shalann. **Foghlaim Chomhoibríoch:** D'fhéadfaí 'vo-back-ulary' a imirt chun a chinntiú go bhfuil dea-thuiscint ag na daltaí ar théarmaí amhail galú, comhdhlúthú, cruinniú, driogadh teirmeach agus díshalannú. Greamófar na focail ar na spléach-chártaí ceann ar cheann de dhroim duine de na leanaí agus tabharfaidh na leanaí eile leideanna dó/di faoin bhfocal atá i gceist. Is gá don leanbh buille a thabhairt faoi thuairim ansin.
	Acmhainní Babhlaí Cupáin Uisce Salann (más féidir é, bain úsáid as salann a bhfuil iaidín ann) Scannán cumhdaithe Carraigeacha beaga nó meánna
Difreáil Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.	
Measúnú	

Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.
Nascadh agus Comhtháthú Tíreolaíocht: